

Suim agat a bheith i do cheannaire ógra?



Tá Feachtas ag lorg daoine thar 18 mbliana d'aois le bheith [ina gceannairí i gclub óige nua i mBaile Brigín](#). Is deis iontach é seo d'aon duine a bhfuil suim acu i bheith ag obair le daoine óga trí Ghaeilge, ag freastal ar an bpobal áitiúil nó díreach ag iarraidh rud nua a thriail.

An club

Is club é seo atá bhunaithe ag muintir áitiúil Bhaile Brigín i gcomhar le Feachtas, óg-eagraíocht a thacaíonn le forbairt phearsanta agus shóisialta an duine óig trí Ghaeilge. Bíonn an club á reáchtáil ag Halla Spóirt Ghaelscoil Bhaile Brigín. Reáchtáiltear an club uair sa tseachtain ó Mheán Fómhair go Bealtaine. Uair go leith in ghaidh na seachtaine atá i gceist.

Cad a dhéanann ceannairí?

Bíonn na ceannairí freagrach as an gclub a reáchtáil. Cuireann siad áit shábháilte shóisialta ar fáil do na daoine óga inar féidir leo scíth a ligean agus spraoi a dhéanamh. Bíonn siad i láthair do na seisiúin sheachtainiúla a mhaireann uair go leith. Beidh páirt lárnach ag na daoine óga féin i reáchtáil an chlub ach beidh na ceannairí ann mar thacaíocht thábhachtach chun gníomhaíochtaí an chlub a éascú. Freisin, cabhraíonn na ceannairí leis na daoine óga turais agus imeachtaí don chlub a eagrú.

Na daoine óga

Beidh an club ag freastal ar dhaoine óga le Gaeilge san aoisghrúpa 12-14 (Bliain 1 agus 2).

Bí linn!

Níl oiliúint ar bith ag teastáil roimh ré! Faigheann gach ceannaire traenáil saor in aisce ar reáchtáil clubanna óige, ar chúram leanaí agus ar gharchabhair. Is deis iontach é seo bualadh le daoine nua agus scileanna nua a fhoghlaim. Gheobhaidh tú taithí den scoth ar an obair óige agus beidh tú ag cur le féinmhuinín agus le forbairt phearsanta daoine óga i do cheantar! Má tá tuilleadh eolais uait ar Chlub Óige Feachtas, Baile Brigín, téigh chuig ár suíomh www.feachtas.ie. Más mian leat a bheith páirteach, tar i dteagmháil linn ag